



Gaeltacht UCD

UCD Global Centre for Irish Language & Culture

Gaeltacht UCD **Tuarascáil 2020 - 2021**



www.ucd.ie/bnag

Foráil Speisialta do Chothú na Gaeilge 2021

Gaeltacht UCD, Ionad Domhanda UCD don Teanga agus don Chultúr, Coláiste Ollscoile,

Baile Átha Cliath

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí, Meán Fómhair 2020 go Lúnasa 2021

<https://www.ucd.ie/irish/ga/>

Clár Ábhar

Forléargas	1
Tionscadal 1 —Cúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn agus d'Fhostaithe UCD Deiseanna le haghaidh Foghlaim Teanga Taobh Amuigh den Seomra Ranga	3
Tionscadal 2 —Clár Cultúrtha na Gaeilge	8
Tionscadal 3 —Teach na Gaeilge 2020-2021, Scéim Chónaithe na Gaeilge UCD	13
Tionscadal 4 —Rannpháirtíocht Ghaeltacht UCD: Áitiúil, Náisiúnta agus Idináisiúnta	24
Tionscadal 5 —Tacaíochtaí d'Fhoireann UCD— Aistriúchán, Seirbhís Chomhairleach agus Acmhainní	28
Tionscadal 6 —Gníomhaíochtaí do Chur Chun Cinn na Gaeilge	30
Tacaíocht Ollscoile —Struchtúr, Bainistíocht agus Riaracháin	34
Conclúid	35
Achoimre Cuntas	36

Forléargas

Tá Gaeltacht UCD, Ionad Domhanda UCD don Teanga agus don Chultúr, gníomhach i gcaomhnú agus i gcur chun cinn úsáid na Gaeilge agus an cultúr a bhaineann léi i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá réimse seirbhísí teanga agus cultúir ar fáil san Ionad lena dtacaítear le mic léinn, alumni, an fhoireann teagaisc agus an fhoireann eile; iad siúd a bhfuil fonn orthu an teanga a úsáid, an teanga a fhoghlaim nó a gcumas sa teanga a fhorbairt tuilleadh. Tá Gaeltacht UCD lonnaithe ar champas UCD, ar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann é. Is le pobal atá ag éirí níos éagsúla é Gaeltacht UCD is léiriú ar an éagsúlacht sin é réimse leathan tionscnamh an Ionaid.

Tacaíonn Gaeltacht UCD le príomhtheanga oifigiúil na hÉireann, de réir mar a shonraítear in Acht na nOllscoileanna, 1997. Tuigeann sí gur gá tacaíocht a thabhairt le cainteoirí dúchais ó Ghaeltachtaí traidisiúnta na hÉireann, arb iad *tobar na teanga* iad, chomh maith le pobail nua atá ag teacht chun cinn a bhfuil an Ghaeilge á labhairt iontu. Beidh céimithe de chuid na hOllscoile a bhaineann ardchaighdeán feabhais amach agus a bhfuil Gaeilge acu ag teastáil chun seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil ar fud Oileán na hÉireann amach anseo. Mar sin, tá Gaeltacht UCD tiomanta do chainteoirí dúchais traidisiúnta agus neamh-thraidisiúnta a chothú, ar tosaíocht é atá i gcomhréir le tiomantas UCD chun timpeallacht chuimsitheach, ilchultúrtha agus ilteangach a chothú.

Chomh maith le cosaint agus caomhnú na gné uathúla sin de chultúr na hÉireann, is cuid de Ghaeltacht UCD agus de phobal níos leithne na hOllscoile í an teanga. Tá ról lárnach ag an teanga agus an cultúr a bhaineann léi i naisc a chruthú idir mic léinn, fostaithe agus alumni na hOllscoile ar fud an domhain. Tá tóir níos mó ag teacht ar chúrsaí agus gníomhaíochtaí sóisialta agus oideachasúla Gaeilge de chuid Ghaeltacht UCD i measc mic léinn as Éirinn ó dhúchas chomh maith leo siúd atá ar cuairt agus ag glacadh páirt i gcláir mhalartaithe; éascaíonn siad cumarsáid, tuiscint agus imeascadh traschultúrtha.

Ba bhliain lán le cruthaitheacht agus nuálaíocht í bliain 2020-2021. Chuir Gaeltacht UCD a dtionscnaimh go léir ar líne i gcomhréir le treoirlínte sláinte an rialtais. Chuathas ar lorg bealaí nua san Ionad chun mic léinn, foireann agus alumni a mhealladh, chun a gcuid acmhainní a fhorbairt tuilleadh agus leibhéal na rannpháirtíochta a mhéadú. Áirítear le

tionscnaimh a cuireadh i gcrích in 2020-2021 cúrsaí teanga ar líne, sraith imeachtaí cultúrtha fíorúla, scéim scoláireachta cónaithe agus clár idirnáisiúnta. Rinne an tIonad éascaíocht ar an Ollscoil reachtaíocht na Gaeilge a chomhlíonadh; bhainistigh sé dréachtú scéim Ghaeilge na hOllscoile 2021-2024 faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, agus lean sé ar aghaidh seirbhís aistriúcháin agus chomhairleach a chur ar fáil.

Lean príomhghníomhaíocht *Ghaeltacht UCD*, is é sin soláthar cúrsaí Gaeilge do gach mac léinn agus fostaí de chuid UCD, ar aghaidh ag mealladh foghlaimoirí ar fud na hOllscoile, idir thosaitheoirí agus iad siúd a bhfuil ardchumas sa Ghaeilge acu. De bharr nach raibh siad in ann imeachtaí beo a reáchtáil, forbraíodh sraith nua imeachtaí fíorúla cultúrtha agus oideachasúla lena gcuirtear deiseanna eile ar fáil do chainteoirí agus d'fhoghlaimoirí na Gaeilge chun páirt a ghlacadh le gnéithe éagsúla d'oidhreacht chultúrtha na hÉireann. *Teach na Gaeilge*; Lean scéim na scoláireachta cónaithe Gaeilge do Mhic Léinn de chuid Ghaeltacht UCD, atá ag mealladh mic léinn a bhaineann ardchaighdeán feabhais amach chuig an Ollscoil ón *nGaeltacht* agus ón *nGalltacht* araon ón mbliain 2000, ar aghaidh le cohórt lán mac léinn. Chuir siad a ngníomhaíochtaí promóisin teanga in oiriúint do sholáthar ar líne. Tugadh tacaíocht le *Scéim Mheantóireachta* an Ionaid do scoláirí ar an bpróiseas aistrithe seo. Chomh maith le soláthar seirbhísí do phobail ar a gcampais i mBaile Átha Cliath, dhear agus sholáthair Gaeltacht UCD clár saincheaptha teanga agus cultúrtha do mhic léinn i gcomhcholáistí UCD thar lear.

Rinneadh tairbhe i gcur chun cinn theanga na Gaeilge agus an chultúir a bhaineann léi 2020-2021 do sprioc UCD chun an chuid is fearr den domhan a thabhairt go hÉirinn agus an chuid is fearr d'Éirinn, a cultúir éagsúla san áireamh, a thabhairt go dtí an domhan.

Tionscadal 1: Cúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn agus d'Fhostaithe UCD

<https://www.ucd.ie/irish/en/language/languagecourses/>

Cúrsaí Gaeilge

Tá pobal gníomhach agus éagsúil na Gaeilge in UCD. Tá idir fhostaithe agus mhic léinn mar chuid de na foghlaimeoirí agus tá leibhéal ard rannpháirtíochta i measc phobal domhanda na hOllscoile. Tugtar neart le pobal labhartha na Gaeilge de chuid UCD tríd an gcaidreamh dearfach idir foghlaimeoirí, teagascóirí agus riarthóirí agus éascaíodh an forfheidhmiú socair ar roinnt tionscnamh Gaeilge ar champas.

Chuir *Gaeltacht UCD* a réimse iomlán cúrsaí Gaeilge ar fáil le linn 2020-2021. Cuireadh gach leibhéal teanga, A1 go B2 ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha, ar fáil ar líne i gcomhréir le treoirlínte sláinte an rialtais. Reáchtáladh triail socrúcháin ar líne do na foghlaimeoirí go léir roimh thús na gcúrsaí, rud a chinntigh gur cuireadh iad ar leibhéal a d'oirfeadh dá riachtanais.

Ó mhí Mheán Fómhair 2020 go mí Aibreáin 2021, chláraigh 222 foghlaimeoirí san iomlán, 146 mac léinn agus 76 ball fhoirne ina measc, le cúrsa Ghaeltacht UCD as nó trí Ghaeilge. As an líon seo, tháinig 55% d'fhoghlaimeoirí ar mic léinn iad agus 32% d'fhoghlaimeoirí ar baill foirne iad ó thíortha taobh amuigh d'oileán na hÉireann.

Na catagóirí den fhoireann a bhí páirteach ná 49% riarachán, 36% acadóirí agus 16% taighde. Tá a córas áirithinte féin á fhorbairt ag Gaeltacht UCD faoi láthair trí Infohub UCD chun sonraí sa bhreis a bhailiú óna foghlaimeoirí ar mic léinn iad chun freastal ar riachtanais ar leith. Fostaíodh 8 dteagascóir cáilithe ar bhonn páirtaimseartha san aonad chun seachadadh cúrsaí a éascú. Tugadh ceistneoirí do gach foghlaimeoir ag deireadh gach cúrsa agus bhí an tlonad sásta leis an aiseolas a fuarthas.

Oibríonn Gaeltacht UCD i gcónaí chun torthaí foghlama a fheabhsú. Tá sé mar aidhm aici ardchéadtadán foghlaimeoirí a tharraingt chun cáilíocht sa Ghaeilge ar nós *Theastas Eorpach na Gaeilge*, a bhaint amach. Chun an méid seo a bhaint amach, beidh ábhair chúrsa nua, a forbraíodh iad i gcomhréir le dea-chleachtas reatha i bhfoghlaim teanga, ag teastáil do gach ceann dá 4 leibhéal teanga. Dearadh ábhair theagaisc agus foghlama reatha. Dhear


Gaeltacht UCD iad ar dtús in 2005 le haghaidh teagaisc aghaidh ar aghaidh ar champas go háirithe. Caithfidh ábhair nua a bheith deartha anois le haghaidh seachadadh ar an gcampas agus ar líne, rud a éascóidh foghlaim hibrídeach agus a thiocfaidh le straitéis na hOllscoile chun athrú ó bhonn a dhéanamh trí mheán teicneolaíocht dhigiteach. Beidh infheistíocht sa bhreis ag teastáil i ndearthóireacht agus i ndigitiú acmhainní nua as Gaeilge agus d'iarrfadh an t-aonad go gcuirfear é seo san áireamh i leithdháiltí amach anseo mar chuid den *Tionscnamh Speisialta um Chistiú na Gaeilge*.

Irish Language Courses.

Participation, September 2020- March 2021

Course Level	No of Staff Learners	No of Student learners
A1 Beginners (Students)		80
A1 Beginners (Staff)	24	
A1 Beginners Continued	5	15
A2 Elementary	14	14
B1 Lower Intermediate	15	13
B2 Upper Intermediate	3	16
Podcast Discussion Group	9	7
Yoga Online (Trimester 1 only)	6	1
Sub Total	76	146
Total		222

The following schools and units were represented in the 2020-2021 Staff Courses.



Deiseanna d'Fhoghlaimeoirí Teanga taobh amuigh den Seomra Ranga

Chomh maith lena cúrsaí teanga struchtúrtha, d'fhreagair Gaeltacht UCD ar an éileamh ó mhic léinn agus ó fhoireann ar dheiseanna chun an teanga a úsáid taobh amuigh den seomra ranga 'fíor' nó fíorúil.

Tionscadal Nua 2020-2021, 'Podphlé'

I Meán Fómhair 2020, cuireadh tús san Ionad le tionscadal nua *Podphlé*, ar pléghrúpa podchraolta é. Dearadh an tionscadal seo dóibh siúd a bhfuil cumas sa teanga acu cheana, ag meánleibhéil agus ag ardleibhéil, nach raibh fonn orthu freastal ar chúrsaí ach a bhí réidh leis a thapú chun a gcuid líofachta a chur chun cinn agus chun cur lena stór focal. Cosúil le coincheap an chlub leabhar, roghnaíonn rannpháirtithe in *Podphlé* podchraoladh Gaeilge le héisteacht leis agus le plé a dhéanamh air gach seachtain. Rinne iriseoir agus craoltóir Sinéad Ní Uallacháin, cainteoir dúchais ó Ghaeltacht Chorca Dhuibhe, éascaíocht ar *Podphlé*. Cuireadh ar chumas na rannpháirtithe tríd an ngníomhaíocht seo topaicí spéise reatha a phlé le níos mó líofachta. Ní hionann an bualadh le chéile de chainteoirí agus an 'ciorcal comhrá' traidisiúnta ná grúpa comhrá sa mhéid gur dhírigh sé ar théamaí podchraolta ar leith agus bhí cluasghné sa bhreis aige a tharraing aird ar dhifríochtaí i gcanúintí na Gaeilge. Tugadh foireann agus mic léinn iarchéime ó choláistí an Ghnó, na hEolaíochta, an Taighde, na nEalaíon agus na nDaonnachtaí le chéile i ngach seisiún. 'Podphlé'; d'éirigh leis sa chéad trimeastar agus leanadh leis sa dara trimeastar. Is liosta é na nithe seo a leanas de na podchraoltaí a ndearnadh plé orthu, roghnaithe ó ardáin éagsúla ar líne agus ó na meáin Ghaeilge.

Podchraoltaí Thrimeastar 1

The Nobody Zone: Cuireann sé isteach ort	https://www.rte.ie/radio1/podcast/podcast_gaeilgetnz.xml
Nuall na nÓg: Mise Fosta	https://anchor.fm/nuall-na-nog
Ógie Ó Céilleachair: Comhrá le Tadhg Ó Foghlú	https://soundcloud.com/user-431374685/comhra-le-tadhg-o-foghlú
Fada is Fairsing: Eimear Ní Bhroin ó Oifig áitiúil an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn	https://soundcloud.com/rnl/fada-is-fairsing-06u-deireadh-fomhair-2020?in=rnl/sets/fada-is-fairsing
Motherfocloir: Inglorious Blaskets - Peig Vs The Peig Myth	https://www.headstuff.org/motherfocloir/148-inglorious-blaskets-peig-vs-the-peig-myth/
Meascra: Caitríona Ní Chléircín; Muireann Ní Chíobháin; Ciara Ní É;	https://www.rte.ie/radio/utills/share/rnag/11050397

Dáire Ní Chanáin; Caitlín Nic Íomhair; Ola Majekodunmi	
---	--

Podchraoltaí Thrimeastar 2

Spreagadh, Snámh, Buíochas Gach Lá - le Sláine Ní Chathalláin; Bí dílis duit féin - le Clíodhna Ní Cheallacháin	https://anchor.fm/se341n-323-duinn355n/episodes/B-dlis-duit-fin-eorbt4
Beatha na Gairme le Raidió na Life	https://soundcloud.com/rnl/sets/beatha-na-gairme
Ar Leac mo Dhorais	https://soundcloud.com/rnl/sets/ar-leac-mo-dhorais
Seal le Seán: Fiachna Ó Braonáin	https://anchor.fm/sen--dubhchon/episodes/Fiachna--Braonin-epasvp
Seal le Seán: Caoimhe Ní Chathail	https://anchor.fm/sen--dubhchon/episodes/Caoimhe-N-Chathail-epl6qs
Podscéalta Chill Dara	https://anchor.fm/podscalta-chill-dara
Chartlann Bhóthar na Léinsí	https://www.rte.ie/radio/utills/share/rnag/21888930

Cúrsa Íoga as Gaeilge Ar Líne

I dtrimeastar 1 2020, chuir Gaeltacht UCD cúrsa íoga trí mheán na Gaeilge ar fáil do mhic léinn agus d'fhoireann UCD i gcomhar leis an gcomhlacht *Óga Yoga*. Cuireadh an cúrsa ar fáil ar líne agus d'fhreastail fostaithe, mic léinn fochéimithe agus iarchéimithe UCD air. Bhíothas sásta san Ionad leis an rannpháirtíocht agus ardchaighdeán theagasc na Gaeilge. Chuir an cúrsa íoga as Gaeilge le tionscnamh *UCD Sláintiúil* agus téann sé lena cuspóir chun domhan sláintiúil a chruthú.

Tionscadal 2

Clár Cultúrtha na Gaeilge

<https://www.ucd.ie/irish/ga/cultur/>

Cuirtear clár gníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha, a ghabhann lena gcúrsaí teanga, ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá cláraithe ar chúrsaí *Ghaeltacht UCD*. In 2020-2021 reáchtáladh an tsraith *Cultúr na Céadaoine* ar líne agus tugadh cuireadh oscailte do alumni na hOllscoile chomh maith le pobail áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda. Bhain gach ceardlann le gné theanga agus chultúr na Gaeilge agus bhí cur i láthair agus plé as Gaeilge, as Béarla nó dátheangach ina dhiaidh sin. Áiríodh foireann UCD, mic léinn fochéime agus iarchéime UCD, ealaíontóirí seachtracha, pearsantachtaí sna meáin a bhfuil Gaeilge acu, údair agus ceoltóirí leis na láithreoirí. Áiríodh béaloideas, flóra agus fána, bia, teanga, féilte, ceol agus litríocht sna limistéir ábhair. Reáchtáladh trí imeacht déag ó mhí Dheireadh Fómhair go mí Aibreáin a tharraing 798 clárú san iomlán trí chóras Infohub de chuid UCD. Tá mionghnéithe de théamaí na gceardlann agus d'aoichainteoirí liostaithe ar leathanaigh 9-12.

Cultúr na Céadaoine

Wednesday's Cultural Workshops

Online 2020-2021



Live Via Zoom

Have Fun / Bígí Linn!

Total participants: **798**



Gaeltacht UCD

UCD Global Centre for Irish Language & Culture

Cultúr na Céadaoine

Wednesday's Cultural Workshops

2021	Live via Zoom	13.00 - 13.30
27 Eanáir <i>January</i>	Foclóir Nua Béarla-Gaeilge 2020 Cormac Breathnach , Bainisteoir Tionscadail, Foras na Gaeilge <i>The New English Irish Dictionary</i> Cormac Breathnach , Project Manager for the new English-Irish Dictionary, Foras na Gaeilge	
3 Feabhra <i>February</i>	Lá Fhéile Bríde Jonny Dillon , Cartlannaí Cúnta, Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Leabharlann UCD <i>St. Brigid's Feast Day, Customs & Traditions</i> Jonny Dillon , Assistant Archivist, National Folklore Collection, UCD Library	
10 Feabhra <i>February</i>	Lá San Vailintín An Dr Kelly Fitzgerald , Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD <i>St. Valentine's Day, Customs & Traditions</i> Dr Kelly Fitzgerald , UCD School of Irish, Celtic Studies and Folklore	
10 Márta <i>March</i>	Meet Donncha Ó Murchú, TG4 <i>Learn about the wealth of terminology & proverbs in Irish related to the weather.</i>	

Bígí Linn!



Register Online:

www.ucd.ie/bnag/en/services/culturalactivities



Gaeltacht UCD
UCD Global Centre for Irish Language & Culture

Ceardlann Cultúrtha
Cultural Workshop

Bígi Linn

Register: failte@ucd.ie

Details: www.ucd.ie/bnag



An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL

What's involved in this annual 1-week Irish language and arts festival?

Find out on Wednesday, 21 Oct,
13.00 - 13.30 **via ZOOM**



Gaeltacht UCD
UCD Global Centre for Irish Language & Culture

Ceardlann Cultúrtha / Cultural Workshop

An introduction to the Bodhrán
With Musician Tristan Rosenstock


Wednesday,
4 November
13.00-13.30
via ZOOM

Bígi Linn

Register: failte@ucd.ie

Details: www.ucd.ie/bnag



Gaeltacht UCD
UCD Global Centre for Irish Language & Culture

Ceardlann Cultúrtha / Cultural Workshop

What is Oíche Shamhna / Halloween?
Why is it celebrated?
What customs are associated with it in Ireland?

Tuesday, 27 October
13.00-13.30
via ZOOM

UCD Archivist
Jonny Dillon
has the answers.

Bígi Linn

Register: failte@ucd.ie

Details: www.ucd.ie/bnag



in association with
Oireachtas
Mánuine
Éireann
National
Folklore
Collector



Gaeltacht UCD
UCD Global Centre for Irish Language & Culture

Ceardlann Cultúrtha / Cultural Workshop

What is sean-nos dance?
Join in and learn a few steps with
dancer **Sibéal Davitt**

Wednesday,
11 November
13.00-13.30
via ZOOM

Bígi Linn

Register: failte@ucd.ie

Details: www.ucd.ie/bnag



Cultúr na Céadaoine

Wednesday's Cultural Workshops

27 February

Bláthanna Fiáine in Éirinn / Devil's Bites and Fairy Fingers:
The weird and wonderful hidden in Irish Wildflower names
Postgraduate Student Aedin NI Thiarnaigh



3 March

Lá Domhanda na Leabhar - áiseanna d'og agus aosta /
World Book Day - resources in Irish for young and old
Author Bridget Breathnach, Cló Iar Chonnachta & Futa Fata



24 March

Bia na hÉireann: Mar a bhí agus mar a bheidh /
Irish Food: 'Where did it come from and where is it going?'
Cook and Social Entrepreneur Diarmuid Ó Mathúna



31 March

Léargas ar cuid de na podchraoltaí is spéisiúla sa Ghaeilge /
An insight into some interesting podcasts in Irish
Journalist and Broadcaster Sinéad NI Uallacháin



7 April

Rapcheol i nGaeilge /
How to produce rap music videos in the Irish Language
Songwriter and Educational Technologist Eoin McEvoy



Tionscadal 3

Teach na Gaeilge 2020-2021, Scéim Scoláireachta Cónaithe,

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/>

Gníomhaíocht Scéim na Scoláireachta Cónaithe 2020-2021 agus Comórtas 2021-2022

Cúlra: Bunaíodh 'Teach na Gaeilge UCD' an Scéim Scoláireachta Cónaithe Gaeilge Ghaeltacht UCD do Mhic Léinn, in 2000 agus 4 scoláire ann, méadaíodh é seo go 16 duine in 2001 agus ansin 24 duine in 2010. Meallann *Teach na Gaeilge* mic léinn a bhfuil go leor bainte amach acu i gcónaí, agus tá Scoláireachtaí Iontrála de chuid na hOllscoile bronnta ar go leor acu.

Fógraíodh 24 scoláireacht *Theach na Gaeilge UCD* don bhliain 2020-2021 i Márta 2020 i meánscoileanna ar fud na tíre (32 contae). Fógraíodh na scoláireachtaí chomh maith sna meáin Ghaeilge, ar na meáin shóisialta, trí shuíomh gréasáin Scoláireachtaí UCD

<https://www.ucd.ie/students/scholarships/prospectiveundergraduatestudents/> agus trí shuíomh gréasáin *Gaeltacht UCD*

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/scolaireachtaí/>. I measc scoláirí 2020-2021, bhí cainteoirí dúchais traidisiúnta (as ceantair Ghaeltachta), cainteoirí dúchais a bhí suite lasmuigh de na *Gaeltachtaí*, *Nua-chainteoirí* (cainteoirí líofa neamhdhúchasacha as ceantair *Ghalltachta*), cainteoirí líofa ó oideachas lán-Ghaeilge agus cainteoirí líofa ó oideachas trí mheán an Bhéarla. Rinne scoláirí na scéime cónaithe ionadaíocht ar an Ollscoil go fíorúil sa phobal Gaeilge go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus d'éirigh leo cothromaíocht a choimeád idir cothú agus cur chun cinn na teanga. Le linn na bliana, chuir siad tús le raon leathan tionscadal teanga ar ghlac pobal mór na hOllscoile páirt iontu. Tá taifead déanta ar scoláireacht *Gaeltacht UCD* ar thras-scríbhinn acadúil gach mic léinn.

Déanann *Gaeltacht UCD* athbhreithniú leanúnach ar a scéim chónaithe chun a chinntiú go soláthraíonn sé na tacaíochtaí is mó a chabhraíonn le cothú na teanga agus le rannpháirtíocht na mac léinn. Fuarthas aiseolas dearfach ó scoláirí 2020-2021 i suirbhéanna fágála a rinneadh (Meitheamh 2021) agus bhí éileamh ann fós ar chomórtas 2021-2022. Ar an 1 Márta 2021, fógraíodh scoláireachtaí *Theach na Gaeilge* don bhliain 2021-2022. Bhí 89 iarratasóir san iomlán ann do na 24 scoláireacht atá ar fáil. Cuireadh 74 mac léinn san iomlán faoi agallamh ar 25, 26 agus 27 Bealtaine agus fuair 24 iarratasóirí acu tairiscint ar áit ag brath ar thairiscintí CAO.

Seisiún Ionductaithe agus Traenáil

Eagraíonn *Gaeltacht UCD* cláir shonracha ionductaithe agus oiliúna trí mheán na Gaeilge dá scoláirí. Reáchtáiltear iad seo roimh thús gach trimeastair agus, ar an mbealach sin, cinntítear gurb í an Ghaeilge teanga na cumarsáide tosaí i measc na scoláirí rannpháirteacha, i gcomhréir leis an dea-chleachtas i gcaomhnú agus i gcothú na teanga. Feabhsaítear cumarsáid le linn ionductaithe idir na mic léinn scoláireachta féin, idir na mic léinn agus pobal na hOllscoile i gcoitinne, agus idir na mic léinn agus mórfhobal na Gaeilge. Tugadh eolas do na scoláirí maidir leis na deiseanna a bhí ar fáil dóibh agus maidir lena gcuid dualgas de réir na scéime.

Áirítear 3 chúrsa deireadh seachtaine sa chlár 2020-2021: Bhí an chéad cheann ar siúl an 18-19 Meán Fómhair, an dara ceann ar siúl an 25-26 Meán Fómhair 2020 agus an tríú ar siúl ag tús an dara trimeastar ar 16-17 Eanáir 2021. Bhí aoi-léachtaí, ceardlanna agus gníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha mar chuid de na cúrsaí agus reáchtáladh iad den chuid ba mhó ar líne de bharr shrianta sláinte an rialtais. Tá iarbhaill na scéime ag croílár rath an tionscadail seo agus thug seisiúin phleanála le hiarbhaill agus meantóirí *Theach na Gaeilge* spreagadh do rannpháirtithe nua agus thug siad treoir agus tacaíocht maidir le cur i bhfeidhm na dtionscadal in 2020-2021. Ghlac ionadaithe ó Aontas na Mac Léinn UCD, Cumann Gaelach UCD, Trad Soc UCD agus Foilseacháin na Mac Léinn UCD páirt i seisiúin ionductaithe 2020-2021.

Modúl Creidiúnaithe 2021 i Scileanna Craolta Raidió

Le linn a mbliana i *dTeach na Gaeilge*, bíonn deiseanna ag mic léinn a scileanna idirphearsanta agus ceannaireachta a chur chun cinn. Chomh maith le traenáil neamhfhoirmiúil agus an Scéim Mheantóireachta, bíonn an deis ag scoláirí creidiúintí acadúla a fháil dá gcuid gníomhaíochta trí Mhodúl Horizons faoi leith: *Scileanna Cumarsáide*. Cuireadh *Scileanna Cumarsáide*, an modúl acadúil a dearadh go sonrach do mhic léinn scoláireachta *Theach na Gaeilge*, ar fáil don 14ú bliain as a chéile i mí Eanáir 2021. Chuir an tIonad an modúl, a tairgeadh laistigh de *Horizons UCD*, ar fáil i gcomhpháirt le *Gaelchultúr Teoranta*, *Raidió na Gaeltachta agus Scoil na Gaeilge*, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, UCD. Chuir Gaeltacht UCD na hábhair theagaisc ar fáil trí *Ghaelchultúr*, fuair mic léinn taithí

phraiticiúil ó chraoltóir Raidió na Gaeltachta agus bhí an modúl creidiúnaithe ag an scoil acadúil. Chuir an modúl ar chumas na mac léinn na scileanna riachtanacha a úsáid ionas go mbeidís in ann craoladh raidió a ullmhú, a chur in eagar agus a chur i láthair. Is féidir éisteacht le podchraoltaí de na cláir a rinneadh in 2021 anseo:

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/scileannacumarsaide/>

Is minic a chuirtear scoláirí na scéime cónaithe faoi agallamh ag *Raidió na Gaeltachta*, *Raidió na Life* agus *Raidió Fáilte* maidir lena gcuid gníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn agus bhí na scileanna nua a sealbhaíodh tábhachtach do mhic léinn 2020-2021 go háirithe, agus an teanga á cur chun cinn acu go fíorúil.

Residence Scheme Scholars' Subject Areas

Academic School	No. of Scholars
UCD School of Electrical and Electronic Engineering	2
UCD School of Public Health, Physiotherapy and Sports Science	3
UCD School of Computer Science	2
UCD School of Law	3
UCD School of Business	1
UCD School of Chemistry	1
UCD School of Biology and Environmental Science	1
UCD School of Agriculture and Food Science	1
UCD School of Nursing, Midwifery and Health Systems	1
UCD School of Medicine	3
UCD School of Sociology	1
UCD School of Politics and International Relations	1
UCD School of Mathematics and Statistics	1
UCD School of Veterinary Medicine	2
UCD School of Irish, Celtic Studies and Folklore	1

Counties/Regions which Residence Scheme Scholars came from 2020 - 2021



Teach na Gaeilge Residence Scheme 2020 - 2021



Scéim Mheantóireachta Theach na Gaeilge, Scéim Mheantóireachta Alumni

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/meantoiritheachnagaeilge/>

Cúlra: Bíonn tionchar dearfach fós ag alumni na scéime cónaithe ar úsáid agus ar chur chun cinn na Gaeilge i measc mhic léinn na scéime cónaithe. Cinntítear leis an gcaidreamh idir mic léinn reatha agus iar-mhic léinn go leanann mic léinn ag úsáid na teanga tar éis céim a bhaint amach, laistigh dá ngairmeacha, go sóisialta, i líonraí ar nós Borradh.ie, nó sna comhlachais ghairmiúla; Cumann na nInnealtóirí nó Acadamh na Lianna.

In 2016, chruthaigh Gaeltacht UCD a chéad chlár meantóireachta. Oibríonn sí le alumni anois roimh thús gach trimeastair. Spreagtar meantóirí chun ceardlanna a eagrú le linn an ionductaithe agus chun bualadh le mic léinn aonair i rith na bliana. In 2020-2021, d'oibrigh ceithre meantóir déag, arna gcomhordú ag iarscoláire Ad Astra, le mic léinn na scéime cónaithe, ag tacú leo i seachadadh a gcuid tionscadal agus ag neartú na nasc idir cainteoirí ar an gcampas agus iad siúd i bpobal níos leithne na Gaeilge. Bhí tábhacht ar leith ag baint leis an *Scéim Mheantóireachta* 2020-2021 nuair nach raibh daoine i dteagmháil le daoine eile chomh minic sin, agus nuair a cuireadh roinnt imeachtaí agus comórtais fhíorúla náisiúnta na Gaeilge ar ceal de bharr shrianta Covid 19.

Alumni Theach na Gaeilge UCD

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/alumnitheachnagaeilge/>

Anuas ar an rannpháirtíocht athnuaite a spreag ceiliúradh 20 bliain de Scéim Chónaithe na Gaeilge do Mhic Léinn, tá sé mar aidhm ag Gaeltacht UCD cur leis an rannpháirtíocht seo agus ligint do alumni páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí más cuí. Tá liosta de na alumni 2000-2021 go léir ar fáil anois ar shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD.

Tionscadail 'Teach na Gaeilge'

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/tionscnaimhnamacleinn/>

Podchraoltaí, Físeáin agus Vlaganna

Mar choinníoll chun páirt a ghlacadh i scéim chónaithe UCD, bíonn ar mhic léinn obair mar ambasadóirí teanga agus/tionscadail nó imeachtaí a eagrú a chuireann deiseanna ar fáil dá gcomhpháirtithe an teanga a úsáid. D'fhéadadh réimse leathan gníomhaíochtaí bunaithe ar bhuanna agus suimeanna an mhic léinn a bheith san áireamh i dtionscadail na Gaeilge. Tá roinnt tionscadail ráthúla a reáchtáiltear iad gach bliain, agus a bhfuil teagmháil leis an bpobal níos leithne mar chuid díobh, ann anois de bharr na saoirse chun obair ar thionscadal a roghnaigh siad féin agus na tacaíochta ó *Ghaeltacht UCD*. In 2020-2021, cuireadh srian le gníomhaíocht na mac léinn de bharr Shrianta Sláinte an Rialtais agus dá bharr sin bhí imeachtaí ar líne agus/nó bhí daoine scartha go sóisialta amuigh faoin aer. Bhí na mic léinn inchurtha leis an dúshlán seo agus chruthaigh siad podchraoltaí, vlaganna agus comórtais a scaipeadh ar líne trí Instagram agus Facebook. Chuir na mic léinn 26 taifead físiúil ar fáil san iomlán, lena n-áirítear sna téamaí taispeántais chócaireachta, spórt na hÉireann, sráidbhailte agus bailte in Éirinn, ealaíona agus ceardaíocht, féilte, comórtais tallaine agus cluichí. Cumhdaíodh sna podchraoltaí éagsúla a cruthaíodh téamaí ar nós shaol na hollscoile agus an bhaile i rith na paindéime, suimeanna agus rannpháirtíocht i bhfeachtais na Gaeilge agus na timpeallachta. Rinne na mic léinn bainistíocht ar chuntais Instagram Ghaeltacht UCD agus Árais Chónaithe UCD le linn na bliana.

'Dúshlán Gaeilge'- tionscadal domhanda do Sheachtain na Gaeilge

Is ócáid bhliantúil í *Seachtain na Gaeilge UCD* atá eagraithe ag Aontas na Mac Léinn UCD, Cumann Gaelach UCD agus Teach na Gaeilge le tacaíocht ó *Ghaeltacht UCD*. Reáchtáladh Seachtain na Gaeilge UCD 2021 ar líne go príomh agus d'eagraigh scoláirí *Theach na Gaeilge* tionscadal uathúil 'Dúshlán Gaeilge', tionscadal a chuir an teanga chun cinn i measc mic léinn in Éirinn agus thar lear. Bhí sraith dúshlán socraithe do rannpháirtithe agus bhain siad go léir le teanga agus le cultúr na hÉireann. Bhí 215 mac léinn páirteach sa chomórtas (43 foireann) a chuaigh in iomaíocht thar thréimhse 4 lá. Bhí 46 iarratasóir idirnáisiúnta ann a raibh an teanga nua dóibh, 167 iarratasóir ó UCD agus 48 ó institiúidí tríú leibhéal eile: TCD, NUIG, UCC, DCU, RIAM, QUB agus IADT. Áirítear mic léinn atá ag foghlaim na Gaeilge ag Ollscoil Connecticut agus Ollscoil Colorado sna rannpháirtithe idirnáisiúnta. Cuireadh an ócáid ar siúl go príomh trí ríomhphost agus Instagram. Fuarthas urraíocht fhlaithiúil ó

Phoras na Gaeilge, Gael Linn, Conradh na Gaeilge agus Seachtain na Gaeilge agus bhí duaiseanna iontacha ar fáil dá bharr. Tá an t-aitheantas cuí le tabhairt do na mic léinn a dhearna bainistíocht ar an tionscadal seo as a gcuid beartaíochta, pleanála agus cur i gcrích an tionscadail agus idirbheartaíocht urraíochta. Táthar ag súil leis an ócáid *Dúshlán Gaeilge* a chur ar fáil arís le linn *Sheachtain na Gaeilge 2022*. Is féidir gach dúshlán 2021 a fhéiceáil ar Instagram #dushlangaeilge

Ceardlanna do Dhaltaí Meánscoile

Anuas ar an gcomórtas, podchraoltaí agus vlaganna thuasluaite, ghlac mic léinn páirt i dtionscadail a bhaineann leis an teagasc beo ar líne.

Gaeilge Labhartha i Scoileanna Lán-Bhéarla

Sa bhreis ar na tionscnaimh faoi threoir na mac léinn 2019 agus 2020, tugadh cuireadh chun meánscoileanna do Scoláirí na Scéime Conáithe chun ceardlanna na Gaeilge a chur ar fáil dá ndaltaí, roimh bhéaltrialacha Gaeilge na hArdteistiméireachta. Reáchtáladh na ceardlanna 2021 ar líne agus neartaíodh muinín na ndaltaí meánscoile sa teanga labhartha agus cothaíodh caidrimh idir mic léinn reatha agus ionchasacha le linn na gceardlann.

UCD All agus Lónra Rochtana Chluain Dolcáin

I mí an Mhárta 2021 arna iarraidh ag UCD All, chuir roinnt Scoláirí na Scéime Cónaithe ceardlanna beo ar fáil do scoileanna *Deis* i gCluain Dolcáin i gContae Bhaile Átha Cliath. Chabhraigh siad le daltaí chun ullmhú do béaltrialacha na hArdteistiméireachta.

Matamaitic & Eolaíocht trí mheán na Gaeilge

Meallann an scéim chónaithe mic léinn ó réimse leathan dámh. Áirítear i gcohórt na bliana seo mic léinn Matamaitice agus Eolaíochta a chuir teagasc saor in aisce i matamaitic agus i bhfisic ar fáil ar líne ag leibhéal na meánscoile, trí mheán na Gaeilge.

Liostaítear sonraí thionscadail na mac léinn 2020-2021 sna leathanaigh thuairisce 20-22 agus is féidir rochtain a fháil orthu trí shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD:

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/tionscnaimhnamacleinn/>

Gradaim Ghaeltacht UCD 2021, Gradaim Mac Léinn

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/gradaimghaeltachtucd/>

Tuigeann Gaeltacht UCD gur gá aitheantas a thabhairt d'obair agus do thiomantas mac léinn, clubanna agus cumann i gcur chun cinn na teanga, mar sin de, tugadh isteach *Gradaim Bhord na Gaeilge* in 2009. Ba í an bhliain 2020-2021 an 12ú bliain den tionscnamh rathúil seo. Reáchtáladh *Gradaim Ghaeltacht UCD 2021* ar líne trí Zoom. I measc na ngradam a bronnadh, bhí *Ambasadóir Mic Léinn Theach na Gaeilge* agus tugadh aitheantas do chumainn, lasmuigh de na cumainn/clubanna Gaeilge, ab fhearr a chuir an Ghaeilge chun cinn. Roghnaítear faighteoirí na ngradam i mballóid mac léinn roimh an imeacht. Bhí reachtairí mic léinn, Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn, Comhordaitheoir Scéim Mheantóireachta Theach na Gaeilge, Stiúrthóir Ghaeltacht UCD agus Cathaoirleach an Bhoird Tacaíochta Gaeilge UCD rannpháirteach san imeacht ar líne. Is féidir teastais agus grianghraif de na himeachtaí gradaim a fheiceáil ag:

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/gradaimghaeltachtucd/>

Irish Language Student Residence Scheme 2020 - 2021 Projects

Mo Áit Dúchais My Native Place

A collection of videos showcasing the students' native place:
Connemara, Galway - Mary Nic Dhonncha & Áine Ní Chualáin
Kerala, India - Theresa Benny
Belfast - Aoibhinn Cadhla Brentnall
Monaghan Town - Lorcán Ó Ruairc
Monaghan - Íos Mac Ghiolla Cheara
Lorrha, Tipperary - Clodagh Nic an tSaolr

Connemara, Galway



Kerala, India



Belfast



Monaghan Town



Monaghan Lorrha



Tipperary



Podcasts

'Glór na Scéime' with Catriona Ní Dhomhnaill and Eoghan Ó Cumáin
'Cúlchaint le Celtic' with Íos Mac Ghiolla Cheara
Podcast with Aoibhinn Cadhla Brentnall
'Tréidlia ar Glao' with Cathal Ó Baoil
'Screweduithe' with Louise Ní Mhathúna

Glór na Scéime



Tréidlia ar Glao



Screweduithe



Cúlchaint le Celtic



Scholar Experience



Bia Álainn Mealltach Cookery Demonstrations

With Bríd Clesham, Áine Ní Chualáin and Mary Nic Dhonncha

Apple & Strawberry
Crumble



Lentil Dahl



Stir Fry Noodles



Irish Language Student Residence Scheme 2020 - 2021 Projects

Arts & Crafts

St Brigid's Cross

with Catriona Ní Dhomhnaill and Eoghan Ó Curnáin

Christmas Decorations

with Theresa Benny, Rossa Ní Giolla Seanáin and Justin Ó hAodhagáin

St Brigid's cross



Christmas Decorations



Events for the Public

'Dúshlán Gaeilge'

with Justin Ó hAodhagáin, Rossa Ní Giolla Seanáin, Theresa Benny and Brid Clesham

Oral Irish Workshops

with Louise Ní Mhathúna, Aimee Ní Bhraonáin and Alannah Ní Bhaoil

'Grinds as Gaeilge'

with Niamh Ní Mhaolabhair, Caoimhe Ní Eacháin and Ray Taylor


Dúshlán Gaeilge



Oral Irish Workshops



Grinds as Gaeilge



Sport with Teach na Gaeilge UCD

Golf with Cathal Ó Baoil

Athletics with Liam de Buitléir

Tennis with Laoighse Ní Eochagáin

Boxing with Cathán Ó Cnámhshí

Basketball with Lorcán Ó Ruairc

Gaelic Football with Mary Ní Dhonncha

Hurling and Camogie with Clodagh Ní an tSaoir

Rugby with Alannah Ní Bhaoil

Rugby Terminology with Ray Taylor

Yoga with Clodagh Ní an tSaoir

Golf



Athletics



Tennis



Boxing



Basketball



Gaelic Football



Hurling & Camogie



Rugby



Yoga



Irish Language Student Residence Scheme 2020 - 2021 Projects

Videos & Events

Vlog

with Theresa Benny, Laoighse NI Eochagáin,
Chloe Gavin & Justin Ó hAodhagáin

Drag Makeup

with Íos Mac Ghiolla Cheara

Mock the Week

with Cathán Ó Cnáimhsí, Ray Taylor, Lorcán Ó Ruairc
& Liam de Buitléir

Irish on Campus

with Chloe Gavin & Laoighse NI Eochagáin

International Interviews

with Lorcán Ó Ruairc & Aoibhinn Cadhla Brentnall

Easter Egg Hunt

with Theresa Benny

Irish Films - Entertainment through Irish

with Laoighse NI Eochagáin

Memories from 2020

with Niamh NI Mhaolabhail & Caoimhe Nic Eachtáin

Gaelfactor

with Cathán Ó Cnáimhsí, Liam de Buitléir,
Colm Ó Ruanaidh, Alannah NI Bhaoil, Laoighse NI Eochagáin,
Aoibhinn Cadhla Brentnall & Theresa Benny

Gael-Cache

with Colm Ó Ruanaidh & Lorcán Ó Ruairc

Valentine's Day

with Aoibhinn Cadhla Brentnall,
Cathán Ó Cnáimhsí & Lorcán Ó Ruairc

Vlog - trip to Dun Laoghaire



Drag Makeup



Mock the Week



Irish on Campus



International Interviews



Memories from 2020



St. Valentine's Day



Gaelfactor



Gael-Cache



Easter Egg Hunt



Film Reviews in Irish



Tionscadal 4

Rannpháirtíocht Ghaeltacht UCD

Rannpháirtíocht Áitiúil

Le linn 2020-2021, lean *Gaeltacht UCD* uirthi a bheith rannpháirteach go gníomhach laistigh den Ollscoil, go háirithe le gníomhaíochtaí a bhain le Cultúr agus Gníomhaíocht UCD, UCD Ar Fud na Cruinne, agus Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú UCD. Rinneadh ionadaíocht ar an Ionad ar choistí ‘UCD sa Phobal’, ‘Seirbhísí do Mhic Léinn UCD’ agus ‘Cultúr agus Rannpháirtíocht UCD’, chomh maith le Grúpa Ilchultúrtha UCD (Coiste de chuid Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú UCD). Leanann an Stiúrthóir ar aghaidh mar bhall gníomhach den choiste ‘Líonra Ilchultúrtha Fostaithe in UCD’, ar líonra é trína roinneann fostaithe a dteangacha agus a gcultúir éagsúla. In 2020-2021, bhí seastán fíorúil ag Gaeltacht UCD ag *Lá Oscailte UCD* agus ag *Aonach UCD d'Iarchéimithe*. I mí Bhealtaine 2021 cuireadh 3 ócáid ar fáil san Ionad a ndearnadh beoshruth orthu d'Fhéile UCD 2021. Is féidir ócáidí a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD agus ar shuíomh ghréasáin Fhéile UCD : ‘Amhrán Ceilteach’: <https://festival.ucd.ie/conversations/>, ‘Céard tá sa Phota’: <https://festival.ucd.ie/health-and-wellbeing/> agus ‘Gníomaíochtaí Spraiúla ETIM as Gaeilge’: <https://festival.ucd.ie/science/>

Rannpháirtíocht Náisiúnta

Tá *Gaeltacht UCD* i dteagmháil rialta le pobal náisiúnta na Gaeilge. In 2020-2021, d'fhan sí i dteagmháil le 6 phríomheagraíocht laistigh d'Fhóram Comhpháirtíochta Uile-Oileáin *Fhoras na Gaeilge: Glór na nGael, Gael-Linn, Conradh na Gaeilge, Cumann na bhFiann, Gaeloideachas and Oireachtas na Gaeilge*, <https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtaí/gaeilgesaphobal/> Chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chruinnithe agus d'imeachtaí, is ball de bhoird dheonacha dhá eagraíocht Ghaeilge í Stiúrthóir an Ionaid: *Gael-Linn* and *Féile Imram*, a lean orthu lena ngnó ar líne le linn na bliana. Is baill ghníomhacha iad Stiúrthóir agus Riarthóir na heagraíochta proifisiúnta *Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge* (COFG), <https://cofg.ie/>. Déanann mic léinn Ghaeltacht UCD ionadaíocht ar an Ollscoil ag roinnt féilte bliantúla ar nós *Oireachtas na Gaeilge*, cuireadh na himeachtaí seo ar atráth in 2020-2021 de bharr Shrianta Sláinte an

Rialtais, ach eagraíodh imeachtaí ar líne do mhic léinn san Ionad i gcomhar le Áras Uí Thuma, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh and Tigh na Gàidhlig, Ollscoil Ghlaschú, Albain.

Lá Oscailte UCD, 10 Samhain 2020



Aonach UCD d'Iarchéimithe, 16 Feabhra 2021



Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta, <https://www.ucd.ie/irish/ga/arfudnacruinne/>

Coláistí Comhpháirteacha UCD na Síne

Chomh maith lena gnáthchlár, chuir Gaeltacht UCD clár saincheaptha teanga agus cultúrtha ar fáil do Coláistí Comhpháirteacha UCD na Síne lena n-áirítear cur i láthair agus teagasc beo i Márta, Aibreán agus Bealtaine 2021. Eagraíodh seimineáir chun léargas a thabhairt do mhic léinn UCD a raibh cláraithe le Coláiste Idirnáisiúnta Beijing-Baile Átha Cliath (BDIC) agus Coláiste Idirnáisiúnta Iompair Chang'an-Bhaile Átha Cliath (CDIC) ar ghnéithe éagsúla de chultúr na hÉireann. I measc na dtopaicí don bhliain 2021, bhí Lá Fhéile Pádraig, Spórt na hÉireann, iománaíocht, peil Ghaelach agus liathróid láimhe, an Ghaeilge, uirlisí ceoil na hÉireann, amhránaíocht Ghaelach agus rince Gaelach. Bhí deis ag lucht féachana chun eolas a fháil ó 12 láithreoir, mic léinn, teagascóirí agus ceoltóirí san áireamh. Is féidir sampla de chur i láthair a rinneadh roinnt mic léinn fochéime Éireannacha ag UCD Belfield a fheiceáil ag: <https://www.ucd.ie/irish/en/global/exchangeswithucdchinajointcolleges/>

Online Cultural Exchange



Cultural Exchange with Chang'an University, Xi'an, China



Interview with Junhan Zhang

Irish language learner, Junhan Zhang, speaks with Rachel
Crimes, Gaeltacht UCD scholar, about her experience in UCD



An insight into Kerala with Theresa Benny

Theresa Benny, Gaeltacht UCD scholar, tells us about her
country of origin.

Tionscadal 5

Tacaíochtaí d'Fhoireann UCD

<https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtaí/>

Seirbhís Aistriúcháin agus Chomhairleach

Cúlra: Thionscnaigh *Gaeltacht UCD*, i gcomhar le TCD agus DIT (ar a dtugtar Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath anois), tionscadal idir-ollscoile agus é mar aidhm aige seirbhís roinnte aistriúcháin a fháil a d'fhreastalódh go sonrach ar na 3 institiúid. Chuir *Rannóg an Aistriúcháin* (An Rannóg Aistriúcháin de chuid Thithe an Oireachtais) comhairle ar na 3 institiúid faoi chur i bhfeidhm an tionscadail sin. Tá an tseirbhís roinnte aistriúcháin seo i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2010. Leis an tseirbhís, cinntítear go n-aistrítear cáipéisí Ollscoile go saineolach agus déantar an costas ar gach ceann de na 3 institiúid a íoslaghdú. In 2020, iarradh tairiscint nua agus síníodh Conradh nua 12 mhí le haghaidh seirbhísí aistriúcháin idir UCD agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Le linn 2020-2021, leanadh leis an bhfás ar an éileamh ar aistriúchán, seirbhísí inmheánacha profála agus comhairle ar riachtanais reachtaíochta an Ionaid. Bhí aistriúchán agus profáil inmheánach ag teastáil chun an obair a dhéanann raon leathan coláistí, scoileanna agus aonad a éascú, Caidrimh UCD, Clárlann UCD, Leabharlanna UCD, Seirbhísí TF UCD, Acmhainní Daonna UCD, Alumni UCD agus NOVA UCD ina measc. Ba ó Eastáit UCD a tháinig an t-éileamh ba mhó mar gheall ar ghlóirphoist, ballaí clár suíomhanna, socrúcháin pháirceála agus fógraí sábháilteachta maidir le Srianata Sláinte an Rialtais le haghaidh Covid 19.

Acmhainní

Déantar nuashonrú leanúnach i nGaeltacht UCD ar bhunachar sonraí na n-aistriúchán ar ainmneacha scoileanna agus foirgneamh: <https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtaí/>.

Cuireann sí liosta de bhaill foirne reatha le chéile a bhfuil Gaeilge acu chomh maith:

<https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtaí/baillfoirnelegaeilge/>

An aidhm atá leis an acmhainn sin ná an leagan Gaeilge de theidil coláistí agus scoileanna a dhéanamh níos inrochtana do bhaill foirne gairmiúla inmheánacha agus do bhaill foirne

teagaisc. Tá an bunachar sonraí de bhaill foirne a bhfuil Gaeilge acu úsáideach do mhic léinn nua chomh maith leis na meáin Ghaeilge.

Éascaíocht ar Chomhlíonadh na Reachtaíochta san Ollscoil

<https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtaí/reachtaiochtteanqa/>

I mí na Bealtaine 2021, ghlac Gaeltacht UCD ar scéim na Gaeilge 2021-2024 de chuid UCD, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Bhí sí i gcomhairle le páirtithe leasmhara, d'óstáil sí cruinnithe agus grúpaí fócais agus d'eagraigh sí seisiúin eolais do *Choiste Acht na dTeangacha* na hOllscoile (Coiste Acht na dTeangacha Oifigiúla). Tá scéim nua na hOllscoile á dréachtú ag an Ionad i gcomhar le cinn aonad UCD faoi láthair. Thacaigh an Ollscoil go díreach leis na hacmhainní breise a bhí ag teastáil don tionscadal seo, i gcomhréir leis an Acht.

Tionscadal 6

Gníomhaíochtaí do Chur Chun Cinn na Gaeilge

Foilseacháin

Foilsíodh ailt ar imeachtaí *Ghaeltacht UCD* go rialta i bhfoilseacháin inmheánacha de chuid UCD amhail *UCD Today* <http://www.ucd.ie/ucdtoday/> agus *Iris* agus *Ríomhíris Alumni UCD* <https://alumni.ucd.ie/magazine-archive/>. Cuireadh fógraí go rialta i ríomhírisí Foirne agus Mac Léinn UCD, agus ar fhéilire leictreonach *UCD Connect* freisin. Bhí gníomhaíochtaí an Ionaid le feiceáil sna meáin Ghaeilge freisin; in *Tuarascáil*, san *Irish Times*, ar *Tuairisc.ie* (príomhnuachtán na Gaeilge) agus in *Seachtain* (forlíonadh san *Irish Independent*). Foilsíodh fógraí le haghaidh cúrsaí teanga agus scéimeanna inmheánacha i meáin mac léinn UCD, in *UCD Observer* agus in *UCD College Tribune*.

Lean Gaeltacht UCD ar aghaidh ag dearadh ábhair éagsúla mhargaíochta le linn na bliana. Dearadh gach ábhar do 2020-2021 lena ndáileadh go leictreonach, gan póstaer ar taispeánt ar champas agus bileoigíní ar cuireadh chun meánscoileanna iad a áireamh, cuireadh ar taispeánt iad ar shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD agus dáileadh iad ar na meáin shóisialta.

Supports for UCD Staff



Translation Resources

Gaeltacht UCD coordinates the University's Irish language translation service and advises all UCD schools, centres and units on the design and layout of Irish language and/or bilingual publications, signage and stationary, in accordance with the Official Languages Act. The centre provides a database for UCD buildings, schools and colleges, and offers a service for pre-recorded oral announcements. Please note that costs for translations not already in the Gaeltacht UCD database are covered by individual schools/centres/units. Gaeltacht UCD will coordinate the professional translation and proof for consistency in house style.

All translations should be forwarded in word format to ranganna.gaeilge@ucd.ie for an estimate.



Irish Speaking Faculty & Staff

A directory of UCD employees who are fluent in Irish or who welcome the opportunity to converse with students and colleagues in Irish



Courses for UCD Students and Staff

Gaeltacht UCD provides Irish language courses for those who wish to learn or improve their Irish. All Gaeltacht UCD teaching materials are based on the Common European Framework of Reference for Languages (CEFR) guidelines. It is important to register early for the courses to ensure that you are allocated a place. The following courses are available only to current UCD students and staff.

Tá tacaíochtaí d'Fhoireann UCD ar fáil ar shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD:

<https://www.ucd.ie/irish/en/supports/>



Suíomh Gréasáin Nua Ghaeltacht UCD: www.ucd.ie/irish

In 2021, dearadh suíomh gréasáin nua do Ghaeltacht UCD agus tá an t-ábhar is deireanaí á uaslódáil go fóill. Tarraingítear tionscadail an Ionaid ar an suíomh gréasáin agus déantar eolas níos inrochtana dóibh siúd laistigh de agus taobh amuigh de phobal UCD.

Áirítear sna rannáin nua leathanaigh ar leidh do 'Chéimithe', 'Meantóirí', 'Tacaíochtaí d'Fhoireann' agus 'Gaeilge sa Phobal'. Tarlaíonn clárúchán do chúrsaí Gaeilge, gníomhaíochtaí cultúrtha agus scoláireachtaí go léir ar an suíomh gréasáin trí Infohub UCD, córais atá i bhfad níos inrochtana anois don úsáideoir. Ba shuíomh dátheangach i gcónaí é suíomh gréasáin Ghaeltacht UCD; is féidir le húsáideoirí ar an suíomh gréasáin nua bogadh gan stró ó Ghaeilge go Béarla agus Béarla go Gaeilge ar gach leathanach.

Na Meáin Shóisialta

Bíonn Gaeltacht UCD le feiceáil go rialta ar na meáin shóisialta lena n-áirítear *Twitter* @ucdgaeltacht

(3,176 leantóir), *Facebook* @ucdgaeltacht (1,981 leantóir), agus *Instagram* #ucdgaeltacht (1,806 leantóir). Cuireann an rannpháirtíocht seo le hinfheictheacht na teanga, cuireann sí tionscnaimh Ghaeilge na hOllscoile chun cinn, agus cruthaíonn sí nasc léi agus le pobal domhanda na Gaeilge.

Na Meáin Ghaeilge

Le linn 2020-2021, cuireadh agallamh go rialta ar Stiúrthóir Ghaeltacht UCD ar TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió Fáilte agus Raidió na Life. Bhain na hagallaimh le tionscadail an Ionaid féin chomh maith le tionscnaimh ábhartha eile de chuid na hollscoile.

Urraíocht

Le linn 2020-2021, thacaigh *Gaeltacht UCD* le húsáid na teanga ag scoileanna, ionaid, aonaid, cumainn agus clubanna mac léinn UCD. Thug sí tacaíocht do mhic léinn a bhí cláraithe don *Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach le Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, an Bhéaloidis agus na Teangeolaíochta UCD* le hurraíocht pháirteach do tháillí na mac léinn. Thacaigh an tIonad le rannpháirteachas mac léinn sa litríocht agus san iriseoireacht lena urraíocht do *Dhuaiseanna Liteartha an Oireachtais* (an gradam náisiúnta sa rannóg iriseoireachta dóibh siúd faoi bhun 19 mbliana d'aois), lena n-áirítear an searmanas bronnta is déanaí i mí Dheireadh Fómhair 2020. Chomh maith leis sin, chuir Gaeltacht UCD tacaíocht aistriúcháin agus phrofála ar fáil do roinnt iriseoirí, blagálaithe agus vlagálaithe Gaeilge ar mic léinn iad.

Tacaíocht Ollscoile

Struchtúr, Bainistíocht agus Riarachán

Struchtúr, <https://www.ucd.ie/irish/ga/fuinn/>

Chuaigh 'Gaeltacht UCD' le punann Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD in 2019 agus ba í seo an dara bliain acadúil laistigh den struchtúr nua. Ba thoradh é athstruthú an Ionaid d'athbhreithniú cuimsitheach ar an aonad (tugadh *Bord na Gaeilge* air roimhe seo) a rinneadh in 2018-2019. Cuireadh críoch le hathbhrandáil an aonaid ó shin agus tá áit lárnach ag *Gaeltacht UCD*, *Ionad Domhanda UCD don Teanga agus don Chultúr*, san Ollscoil, faoi threoir an Leas-Uachtaráin do Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD. D'éirigh go maith leis an athrú i struchtúr chun próifíl na teanga a neartú agus teanga agus cultúr na Gaeilge a chur ar fáil do phobal domhanda níos leithne.

Bord Tacaíochta Gaeilge UCD

<https://www.ucd.ie/irish/ga/fuinn/bordtacaiochtagaeilge/>

Bunaíodh Bord Gaeilge in UCD don chéad uair in 1996. B'ionadaithe iad na comhaltaí boird ar mhic léinn agus ar fhoireann UCD thar réimse dámh. Bhí ar an mbórd comhairle a chur ar aonad na Gaeilge *Bord na Gaeilge* agus moltaí a dhéanamh d'Údarás Rialaithe UCD maidir le húsáid na Gaeilge. In 2020, ar aon dul le hathstruchtú aonad na Gaeilge agus bunú *Ghaeltacht UCD*, ghlac Údarás Rialaithe UCD le téarmaí tagartha nua do *Bhord Tacaíochta Gaeilge UCD*, bord comhairleach don Ghaeilge. Is féidir baill an bhoird agus téarmaí tagartha a fheiceáil tríd an nasc thuas.

Bainistíocht agus Riarachán

Tá oifig *Ghaeltacht UCD* agus a tionscadail fós á mbainistiú ag Stiúrthóir lánaimseartha amháin agus Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin lánaimseartha amháin. Thacaigh maoiniú speisialta do thionscnamh spriocdhírthe leis na tionscnaimh 2020-2021 ar fad. Chinntigh post an Chúntóra Shinsearaigh Feidhmiúcháin, a éascaíodh tríd an maoiniú seo freisin, an leanúnachas, caighdeán an tseachadta agus réimse tionscnamh atá curtha ar fáil do phobal na hOllscoile. Leanann an Ollscoil agus go háirithe oifig an Leas-Uachtaráin do Rannpháirtíocht Dhomhanda ag tabhairt tacaíocht do gach tionscadal a shonraítear sa tuarascáil seo.

Mar Fhocal Scoir

Tá toradh maith ar a hinfheistíocht i dtionscnaimh Ghaeilge tugtha faoi deara ag Gaeltacht UCD. Chuaigh sí in oiriúint go tapa ar athruithe i gcleachtaí staidéir agus oibre a bhí ann de

bharr Shrianta Sláinte Covid 19, ghlac sí le modhanna nua foghlama teanga, chruthaigh sí deiseanna nua do chur chun cinn na Gaeilge, agus tháinig méadú ar rannpháirtíocht ina gníomhaíochtaí. Tá sí sásta gur choinnigh ardleibhéal tacaíochta le haghaidh chainteoirí agus fhoghlaimoirí Gaeilge na hOllscoile. Cuireadh an deis ar fáil san Ionad do rannpháirtithe, ní hamháin a scileanna teanga a chur chun cinn ach chun tuiscint níos fearr a fháil ar a bhféiniúlachtaí cultúrtha féin agus eile.

Ghlac níos mó ná 1260 cainteoir agus foghlaimoir Gaeilge páirt ghníomhach i nGaeltacht UCD sa bhliain 2020-2021. Bhí i bhfad níos mó daoine i rannpháirtíocht leis an Ionad trí laethanta oscailte fíorúla, féilte agus ag cruinnithe, comhdhálacha agus imeachtaí áirithe UCD. Ghlac daoine ó gach cearn d'Oileán na hÉireann, Eoraip, Meiriceá Thuaidh agus an Áise páirt i dtionscadail an Ionaid, arna mbainistiú ag beirt bhaill foirne lánaimseartha.

Cuirfidh Gaeltacht UCD leis an rath seo; tá sí ag tnúth le pobal bríomhar Gaeilge a chothú agus infheictheacht UCD a chur chun cinn ar fud an domhain trí aird a tharraingt ar theanga agus ar chultúr na hÉireann sa bhliain romhainn.